Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Márta 2024
(OR. en)

6962/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0381(COD)**

CODEC 596
AG 40
MI 213
DATAPROTECT 104
DISINFO 30
FREMP 105
AUDIO 28
CONSOM 78
TELECOM 84

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 16 agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Feabhra 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[3].

4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 20 Eanáir 2022[4].

[1] 14374/21.
[2] IO C 275, 18.7.2022, lch. 66.
[3] IO C 301, 5.8.2022, lch. 102.
[4] IO C 145, 1.4.2022, lch. 12.

5. An 27 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in
PE-CONS 90/23 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] 6950/24.